
# Tascanna Comhthreomhara

"… díríonn tascanna comhthreomhara ar na smaointe móra céanna ach bíonn leibhéil éagsúla deacrachta acu..."[1]

'Is é atá i gceist le tascanna comhthreomhara sraith de dhá nó trí thasc atá deartha chun freastal ar riachtanais éagsúla leanaí, ach a dhíríonn ar an smaoineamh matamaiticiúil céanna'[2]. Dearadh na tascanna chun nascadh go dlúth leis an leibhéal eolais agus tuisceana reatha a bhíonn ag na foghlaimeoirí, agus ag an am céanna le bheith díreach taobh amuigh dá gcumas cognaíoch. Cuirtear san áireamh sa chur chuige seo an éagsúlacht in ullmhacht an fhoghlaimeora agus ina dtuiscint ar na coincheapa atá taobh thiar de na tascanna. Is straitéis amháin é tascanna comhthreomhara a d'fhéadfaí a úsáid chun an cleachtas oideolaíoch 'Tascanna Dúshlánacha Cognaíocha a Úsáid' a chur i bhfeidhm i do sheomra ranga.




Is sampla amháin é seo de thasc comhthreomhar, ina bhfuil gach foghlaimeoir ag baint úsáid as oibríocht an tsuimithe chun an fhadhb a réiteach. Tríd an gcomhthéacs a choinneáil mar an gcéanna ach na huimhreacha atá san fhadhb a athrú, is féidir le gach foghlaimeoir páirt a ghlacadh sa phlé leantach, a d'fhéadfadh díriú ar na straitéisí a úsáideadh chun an fhadhb a réiteach, agus iad ag obair le huimhreacha atá laistigh dá zón neasfhorbartha. Is féidir rogha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, trí iarraidh orthu an tasc is mian leo a fhreagairt a roghnú nó an bealach is fearr leo a roghnú chun an fhadhb a réiteach, ag baint úsáid as ábhair phraiticiúla nó as straitéisí neamhfhoirmiúla le haghaidh oibríochtaí.

I measc na gceisteanna féideartha don phlé tá siad seo:

- Cén straitéis a d'úsáid tú chun an fhadhb a réiteach?
- Ar chuir do réiteach iontas ort?
- Cén fáth/Cén fáth nár chuir?
- An ndéanann do réiteach ciall duit? Cén fáth?
- Conas a chuirfeá ina luí ar dhuine eile go bhfuil do réiteach ceart? [2]

[1] Ó https://www.ascd.org/el/articles/beyond-one-right-answer
[2] Réamhrá maidir tascanna atá dúshlánach go cognaíoch a úsáid 1-réamhrá_maidir_tascanna_atá_dúshlánach_go_cognaíoch_a_úsáid.pdf l.6

Oide



Tá tú i do chónaí in aice le feirm.

Nuair a fhéachann tú amach an fhuinneog maidin amháin feiceann tú 8 gcos.

Cad a fheiceann tú?

Tá tú i do chónaí in aice le feirm.

Nuair a fhéachann tú amach an fhuinneog maidin amháin feiceann tú 14 cos.

Cad a fheiceann tú?

Tá tú i do chónaí in aice le feirm.

Nuair a fhéachann tú amach an fhuinneog maidin amháin feiceann tú 32 cos.

Cad a fheiceann tú?

Oide

# 5


Tá Jamie ag smaoineamh ar uimhir.
Tá “5” san uimhir.
Cad a d'fhéadfadh a bheith mar uimhir ag Jamie?

Tá Jamie ag smaoineamh ar uimhir dhá dhigit, áit a bhfuil an dara digit ina “5”.
Cad é an uimhir a d'fhéadfadh a bheith ann?

Jamie is thinking of an even number.
The number has a “5” in it.
What could the number be?

From https://ncca.ie/media/5426/1-introduction_using_cognitively_challenging_tasks.pdf

Oide



Tá 5 pháiste ar an deic íochtarach de bhus agus 7 ar an deic uachtarach. Cé mhéad páiste a cheapann tú atá ann san iomlán?

Tá 35 páiste ar an deic íochtarach de bhus agus 23 ar an deic uachtarach. Cé mhéad páiste a cheapann tú atá ann san iomlán?

Tá 35 páiste ar an deic íochtarach de bhus agus 27 ar an deic uachtarach. Cé mhéad páiste a cheapann tú atá ann san iomlán?

Ó https://ncca.ie/media/5426/1-introduction_using_cognitively_challenging_tasks.pdf

Oide



Is é 14 an freagra.

Cén cheist a d’fhéadfadh a bheith ann?

Is é 38 an freagra.

Cén cheist a d’fhéadfadh a bheith ann?

Is é 48 an freagra.

Cén cheist ÷ nó X a d’fhéadfadh a bheith ann?

Oide





Tá 61 páiste i rang a trí.
Tá 19 acu sa chlós.
Cé mhéad páiste atá fós sna seomraí ranga?

Tá 427 páiste i scoil Tara.
Chuaigh 99 acu ar a thuras scoile.
Cé mhéad páiste atá fós ar scoil?

Oide



Tá 25c i mo phóca agam.

Cad iad na boinn a d’fhéadfadh a bheith agam?


Tá 75c i mo phóca agam.

Cad iad na boinn a d’fhéadfadh a bheith agam?

Tá €1.35 i mo phóca agam.

Cad iad na boinn a d’fhéadfadh a bheith agam?

Oide



Cé mhéad cruth 4 thaobh is féidir leat a dhéanamh?

An féidir leat iad a ainmniú?

Cé mhéad cruth 4 thaobh is féidir leat a dhéanamh?

Cén ceann a bhfuil an imlíne is mó aige?


Cé acu a bhfuil an t-achar is mó aige?

Cé mhéad cruth 4 thaobh is féidir leat a dhéanamh?

Tomhais uillinneacha gach crutha.

An bhfeiceann tú patrún ar bith?

Oide



Roinn an ceapaire le do chara.

Conas is féidir leat é a roinnt go cothrom?


Roinn an ceapaire le do chara.

Cé mhéad bealaí éagsúla is féidir leat a an ceapaire a ghearradh?

Roinn an ceapaire idir ceathrar.

Cad a thugann tú faoi deara?

Oide




**Déan clog ag úsáid teimpléad cloig le haghaidh ar a bhfuil uimhreacha/marcanna nóiméad air, bioráin scoilte agus dhá lámh cloig gearrtha amach.**

**Scoilt an clog ina 4 cheathrú.**

**Cuir dath difriúil ar gach cuid.**


**Cad a thugann tú faoi deara faoi gach cuid?**

**Scoilt an clog ina 4 cheathrú.**

**Cé mhéad nóiméad atá i ngach ceathrú?**

**Taispeáin dom ¼ tar éis, ½ tar éis agus ¼ chun.**

Oide



Léiríonn an graf seo líon na bpáistí a bhailigh an bus scoile ó Luan go Déardaoin.

An féidir leat lipéid a chur ar an ngraf?

Agus do shonraí á n-úsáid agat, cé mhéad leanbh a bailíodh gach lá?

Conas a chuirfeá síos ar an treocht sheachtainiúil?

An féidir leat lipéid a chur ar an ngraf?

Agus do shonraí á n-úsáid agat, cad é meánlíon na bpáistí ar an mbus?

Déan an t-iomlán a thuar don Aoine. Mínigh do réasúnaíocht.

Oide



# An Scothfhoireann



Tá €100m le caitheamh agat. An féidir leat an fhoireann is fearr is féidir a chur le chéile?

Is tusa bainisteoir foireann peile nua sa Premier League. Tugadh €100 milliún duit le caitheamh ar d'imreoirí. Bain úsáid as an airgead sin chun cúl báire amháin, 4 chosantóir, 3 imreoir lár páirce agus 3 ionsaitheoirí a roghnú. Cruthaigh liosta imreoirí agus socraigh cé mhéad a chosnóidh gach duine acu. Ansin, tosaigh ag roghnú cé a bheidh ar do scothfhoireann

